Teaghlaigh Glór

Nuachtlitir Teaghlaigh

12 Meitheamh 2020

RTÉjr ag lorg guthanna na n-óg

Tá RTÉjr Radio ag iarraidh cloisteáil ó ghuthanna as Gaeilge nach gcloistear go minic – na páistí!

Ba mhaith leo teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí páistí a mbeadh sásta labhairt as Gaeilge maidir le conas atá ag éirí leo le linn na hordú dianghlasála.

Tá eolas á lorg ar cé chomh seiftiúil atá na tuismitheoirí is na páistí agus podchraoladh nua a léiriú leis an scéal á roinnt.

Beidh na píosaí bunaithe ar ábhar scoile cosúil leis an nGaeilge, ceoil, scileanna scríbhneoireachta agus tíreolaíocht.

Tá sé i gceist go rachaidh páistí i mbun agallaimh ar líne nuair is féidir le tuismitheoir nó caomhnóir a bheith i láthair i rith an taifeadta.

Is féidir le tuismitheoirí dul i dteagmháil le RTÉjr trí ríomhphost a sheoladh chuig junior@rte.ie le níos mó eolas a fháil.

Biongó Ghlór na nGael - BEO

Gach Luan & Céadaoin @19:00

Breis agus €100 de dhuaiseanna le buachaint gach oíche!

Coinnígí súil ar Facebook Ghlór na nGael le clárú.

Is tríd an córas Zoom a dhéantar é agus craoltar ar leathanach Facebook Ghlór na nGael é!

Más spéis le do theaghlach páirt a ghlacadh, seol ríomhphost go micheal@glornangael.ie agus cuirfear leis an liosta r-phost sibh!

CLÁR NA NUACHTLITREACH

❷ Cairdeas agus Seannathanna

❸ Laochra spóirt Damien Comer

❺ Scéal Gairid le Liam de Lása

❻ Leabhair do Dhéagóirí

❼ Rannóg na nÓg le hÁinín Uí Chasaide

Teanga Tí

SEANFHOCAIL NA SEACHTAINE

CAIRDEAS

Aithnítear cara i
gcruatán

Go raibh gáire do
chairde mar cheol leat, a gcairdeas
ceol ó Neamh

Is fearr beagán cuidithe ná mórán
trua

Aithníonn ciaróg ciaróg eile

Istigh leis féin i dteas na coimhlinte

Damien Comer, Laoch Spóirt le Liam de Lása

Nuair a thosnaíos ag machnamh ar réaltaí spóirt ár linne ag tús an bhúis seo ar fad, bhíos siúráilte gur laochra ar leith a bhí á lorg agam.

Ceardaithe spóirt a raibh clú agus cáil orthu ó laethanta a n-óige agus laochra a bhláthaigh go flúirseach faoi bhrú millteanach na craoibhe.

Chuireas spéis sna conairí éagsúla in iarracht a fháil amach cad go díreach a scarann na himreoirí mór le rá óna gcomrádaithe.

Chaithfinn a admháil go seasann scéal Damien Comer amach thar aon cheann eile atá cloiste nó léite agam cheana.

Scéal an íochtaráin

Dála móráin, is breá liom scéal an íochtaráin, is cuma cén spórt atá ann, téann sé i gcion orainn go léir, an fear beag ag baint plaice as na piardaí móra chun an chreach a thabhairt leis aon uair amháin fiú.

Is ait dom 'íochtarán' a thabhairt ar Damien Comer. Fear atá i mbarr a mhaitheasa agus áirithe i measc na dtosaithe is cumasaí sa tír faoi láthair.

Nuair a chuas i mbun taighde, tháinig mé ar scéal a lasfadh splanc in aigne imreoirí óga na tíre.

Tá nach mór naoi mbliana imithe ó chaill Coláiste Iarlatha, Tuaim cluiche ceannais an Chrócaigh, an comórtas mór le rá a thugann speiceáil dúinn ar thallann an lae amárach.

D'fhéach Comer amach ó Ardán Uí Ógáin ar an lá san agus ba mhó an formad a bhí aige lena chairde scoile. Bhíodar siúd ag imirt ar an talamh naofa ach ní raibh ainm Comer luaite i measc na bhfear

ionaid fiú

Chuaigh foireann mhionúir na Gaillimhe chun páirce an bhliain dár gcionn gan tásc ná tuairisc ar Comer i measc phlúr na n-imreoirí óga sa chontae.

Chaillfeadh mórán againn pé dóchas a bhí againn go gcaithfimis geansaí eadar-chontae lá éigin.

Soiléir do roghnóirí

Bíodh nach raibh a chumas soiléir do roghnóirí ag an am níor cuireadh stad ná staonadh ar a fhorbairt mar pheileadóir le linn na tréimhse sin.

Déarfadh roinnt pearsan spóirt leat go mbíonn smut den ádh ag teastáil thar aon ní eile.

Aon bhriseadh amháin ag am cinniúnach chun an taoide a chasadh ina dtreo. Tháinig an cor cinniúna ina shaol imeartha nuair a tugadh faoi deara é i gcluiche trialach don fhoireann fé 21 ag tús na bliana 2013.

Aithníodh a chumas marfach ón dá chos, an neart sna géaga agus stuaim nádúrtha i mbun seilbhe.

Thosaigh sé ar an bhfoireann a bhuaigh Craobh na hÉireann an bhliain sin agus de dhroim oíche rugadh réalta san Iarthar.

Nuair a thug an Ghaillimh a n-aghaidh ar Áth Cliath sa chraobh arú anuraidh,

Damien Comer—Istigh leis féin i dteas na coimhlinte

Ar lean ó leathnach 3

bhaineadar creathadh ceart astu i bPáirc an Chrócaigh.

Thugadar fúthu go dásachtach agus deineadh iontas den taispeántas in ainneoin gur theip orthu sa deireadh.

Bhí Comer istigh leis féin nuair ba mhó a bhí an choimhlint ina teas sa chéad leath, do-chloíte ar imeall na cearnóige aon uair a tháinig an tseilbh ina threo.

Shamhlóinn go raibh an roghnóir géarshúileach úd ag féachaint isteach go mórálach ar ghaiscí Comer.

Sásta gur aithin sé an mianach céanna a d'fhan faoi cheilt ar feadh na mblianta.

Cuardach Focal

G	L	A	N	A	D	E	A	C	R	A	C	H	T
G	H	E	T	R	G	L	H	E	I	F	R	B	C
A	U	F	E	A	O	A	T	E	L	A	F	U	U
I	L	A	A	A	L	C	T	U	R	A	E	A	R
S	B	R	S	H	R	C	R	H	R	A	A	N	R
C	A	R	P	L	B	R	C	L	I	A	R	S	I
E	L	A	A	E	A	A	E	H	A	C	S	E	A
T	L	I	C	I	E	I	T	R	H	I	L	A	R
R	A	G	H	N	G	R	I	H	S	H	L	S	R
A	A	E	S	H	E	C	R	L	A	E	D	M	A
E	I	I	E	M	M	A	I	D	E	C	L	H	C
B	M	A	G	L	A	T	E	A	C	H	T	A	H
A	S	T	A	L	A	M	H	R	A	N	A	C	T
C	H	D	O	H	T	S	T	R	A	I	D	H	N

TALAMH
DEACRACHT
TEASPACH
LEIGHEAS
CURRIARRACHT
FEAR
SAOL
TURAS
MISNEACH
BALLA
BUANSEASMHACH
TEACHT
MAIDE
FARRAIGE
BEART
GLAN
GAISCE
STRAIDHN

Play this puzzle online at : https://thewordsearch.com/puzzle/1087774/

An rud is measa le duine ar domhan n'fheadair sé nach é lár a leasa é

Scéal gairid le Liam de Lása

Seasann Fionn go mórálach in airde ar Ardán Uí Ógáin.

Aíthníonn sé corraghaidh i measc lucht leanta an chontae agus iad brúite bascaithe lena chéile amuigh ar an bpáirc.

Ritheann racht bróid trí chnámha a choirp. Tá sé ar tí Corn Liam Mhic Cárthaigh a ghlacadh ar son a chontae dúchais agus amhail bóthar an chontae go dtí barr an tsléibhe, bhí a bhóthar féin corrach agus dearóil ón tús.

Pléascann na mothúcháin amach as muintir na nDéise atá anois ag déanamh ionraidh i dtreo an ardáin. Beireann a mhothúchán greim ar a smaointí agus tagann lá cinniúnach ó laethanta a óige chun cuimhne.

Ní raibh sé ach i rang a sé ag an am. Lá mór d'fhoireann iomána na scoile a bhí ann agus chuir a leithéid de smaoineamh fonn múisce air.

Tháinig ráig bhreoiteachta air chomh luath is a dhúisigh sé an mhaidin sin. D'aithin sé an ráig seo go maith faraor.

Ní raibh aon chol aige leis an scoil de ghnáth ach bhí sin difriúil ó cheachtanna ranga. Níor bhraith sé riamh go raibh sé maith a dhóthain le bheith ar fhoireann na scoile agus ba mhinic a fágadh ar lár ó na cluichí é.

Fós féin, chuir sé náire air go gcaithfeadh sé féachaint isteach ón gclaí. Chumfadh sé leithscéalta ó am go chéile mar bhealach éalaithe ach ní raibh aon dul as inniu aige. Tháinig an dara rabhadh ó ghlór údarásach a mháthar á ghlaoch arís díreach agus na smaointí gránna ag rothlú

ina cheann. D'fhreagair sé i nguth borb ag cur in iúl di go raibh sé éirithe as an leaba. Nuair a bhí sé corraithe agus ullamh dhein sé a bhealach go drogallach síos an staighre, gan am aige greim bhídh a chur ina bhéal agus d'éalaigh sé amach an doras fé dhéin na scoile.

Ní ag caint ar aon ní eile a bhí a chairde nuair a bhain sé an scoil amach ach ar na cluichí. Bhí gliondar an domhain orthu ag cur is ag cúiteamh ar cén fhoireann a raghadh chun páirce agus conas mar a thitfidh cluiche an lae amach. D'fhan Fionn ina thost sa chúinne mar ba ghnách dó a dhéanamh aon uair a bhíodh cúrsaí spóirt á bplé acu. B'in an uair is mó a ghoill air, lá na gcluichí. Ba bhreá leis a bheith i lár an aonaigh. Ní raibh sé éagsúil ó aon dalta eile sa rang i ndáiríre. Do bhí na mianta céanna aige siúd is a bhí ag mórán páistí ar comhaois leis sa tír. Bheadh sé ag taibhreamh ar laethanta órga i bPáirc an Chrócaigh ach bhí an fhís sin caillte i gceo a chinn ar an lá áirithe sin.

Níorbh aon díol suntais é nuair nach raibh a ainm luaite ar an bhfoireann ach níor mhaolaigh sé sin an brón a músclaíodh ina chroí istigh. Is áit uaigneach gan anam í an taobhlíne do pháiste óg. Téann tú i bhfuaire ag féachaint isteach ar an aicsean. Braitheann tú imeallaithe, tréigthe fiú agus bíonn sé deacair na mothúcháin sin a chur fé chos. Choimeád sé greim an duine bháite ar a chamán agus a lámha ar crith leis an bhfuacht.

I bhfad ón taobhlíne a sheasann sé anois áfach agus filleann a intinn ar eachtraí an lae inniu. Ardaíonn sé an corn os chionn a chinn chun deireadh a chur leis an nGórta Mór.

"Ní thagann stad le roth an tsaoil" a smaoinigh sé. Bhí air obair ní ba dhéine ná imreoirí eile ar an tslí agus b'iomaí buille trom a fuair sé chomh maith.

Tuigeann sé anois gurbh iad na laethanta crua a mhúin agus a mhúnlaigh é. Lár a leasa a bhí sna laethanta dorcha gan dabht.

Leabhair do Dhéagóirí

An Capall agus a Ghiolla le C.S. Lewis

Antain Mac Lochlainn a chuir Gaeilge air



Is Capall Cainte é Brí agus is giolla bocht é Seasta. Socraíonn siad ar imeacht as tír na Calairméine agus saol an sclábhaí a fhágáil ina ndiaidh.

Ní fada ar an bhóthar iad go gcastar beirt eile orthu atá ag éalú fosta – an cailín uasal Aravios agus a compánach féin, Capall Cainte eile darb ainm Bhuin.

Tiocfaidh an ceathrar seo i gcabhair ar Nairnia am an éigin agus foghlaimeoidh Seasta nach bhfuil aon dul ón chinniúint.

Seo an dara leabhar i sraith cháiliúil *Croinicí Nairnia* atá aistrithe ag Antain Mac Lochlainn.

Tá bailchríoch chomh paiteanta, snasta céanna curtha aige ar an cheann seo is a chuir sé ar *An Leon, an Bandraoi agus an Prios Éadaigh*.

ISBN 9781857919516 €12 328 lch Bog

An Leon, An Bandraoi agus An Prios Éadaigh le C.S. Lewis

Pauline Baynes a mhaisigh



Aistriúchán gleoite le hAntain Mac Lochlainn ar shaothar cáiliúil C.S. Lewis. Ba é

seo an chéad leabhar a scríobh Lewis sa tsraith mar gheall ar Nairnia, an domhan

sin lán draíochta. Cuirtear ceathrar páistí amach as Londain i rith an Dara Cogadh

Domhanda chun éalú ó na buamaí atá ag titim ar an gcathair. Cuirtear go teach

seanduine iad i lár na tuaithe. Nuair a osclaíonn Lucy, an duine is óige acu, an prios

éadaigh, tagann na páistí ar dhomhan iontach a bhfuil draíocht agus eachtraí i

ndán dóibh ann.

ISBN 9781857918885 • €8.50 • Bog

Lig do Scíth 6

Teanga Tí

Imní a Scaoileadh

Scríobh síos do bhuaireamh ar phíosa páipéir nó tarraing é. Thig le duine fásta cuidiú leat.

1

Cuir é in áit shabháilte, mar shampla i mbosca spéisialta nó i gcófra ar leith. Anois tá an buairmeamh sin imithe as d'intinn, agus níl sé de dhíth ort agus tú ag súgradh, ag ithe nó i do chodladh.

2

Thig leat an buaireamh a chaitheamh amach i ndiaidh tamaill.

3

Glór na nGael

Déan teagmháil linn:
ainin@glornangael.ie

DATHAIGH AN PÍOTSA

Caithfimid an píotsa seo a mhaisiú. Lean an treoir thíos agus dathaigh na cruthanna. Nuair atá sin déanta, déan cuntas ar na cruthanna eagsúla agus scríobh an uimhir sna boscaí thios.